**OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025**

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## CLÁR AN ÁBHAIR


| | Leathanach |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 3 |
| An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialaitheora Pleanála | 4-9 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 10-12 |
| Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 13 -14 |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 15 |
| An Ráiteas ar Staid Airgeadais | 16 |
| An Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 17 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 18-27 |

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| Ceannoifig | Oifig an Rialaitheora Pleanála<br>Tigh na Páirce<br>Gráinseach Ghormáin<br>191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07 EWV4 |
| Foireann Bainistíochta | Niall Cussen - An Príomhfheidhmeannach Sinsearach agus an Rialaitheoir Pleanála<br>Anne Marie O'Connor – An Leas-Rialaitheoir Pleanála agus an Stiúrthóir ar Mheastóireachtaí Pleananna<br>Gary Ryan - Stiúrthóir Athbhreithnithe agus Scrúduithe ar Phleanáil<br>Joanna McBride – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha<br>Caren Gallagher – Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail |
| Uimhir Ghutháin: | 01 854 6700 |
| Suíomh gréasáin: | www.opr.ie |
| Ríomhphost: | info@opr.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |
| Baincéirí: | Banc Danske, Comhlachtaí Corparáideacha agus Institiúidí<br>International House<br>3 Plás Mháistir an Chuain<br>IFSC, Baile Átha Cliath 1<br>D01 K8F1 |
| Dlíodóirí: | Fieldfisher<br>45 Bóthar Mespil<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 W2F1 |

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

**Rialachas**

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála ('OPR') i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin ar Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála (Binse Mahon), rud a bhunaigh an Dáil in 1997. Le linn do OPR a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, cuireann sé an cuspóir san áireamh chun cur le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cheart agus leis an bhfeidhmiú pleanála is fearr faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, ('an tAcht'). Leis an Acht, déanfar reachtaíocht bhunaidh OPR a aisghairm agus a ionadú agus tháinig na hailt ábhartha den Acht nua i bhfeidhm an 31 Nollaig 2025. I gcomhréir le hAlt 546 den Acht, tá na príomhfheidhmeanna reachtúla seo a leanas ag OPR:

- dul i gcomhairle leis an Aire, le tionóil réigiúnacha, le húdaráis phleanála agus, de réir mar is cuí, le daoine eile i ndáil le pleananna agus straitéisí a dhéantar faoin Acht;
- meastóireacht agus measúnú agus, nuair is ábhartha, breithnithe agus moltaí a dhéanamh i ndáil leis na nithe a leanas a ullmhú agus a dhéanamh—
  (i) straitéisí spásúlachta agus eacnamaíocha réigiúnacha, dréacht-straitéisí spásúlachta agus eacnamaíocha, athbhreithnithe nó athbhreithnithe molta agus leasuithe brostaithe ar straitéisí den sórt sin,
  (ii) pleananna forbartha, dréachtphleananna forbartha, athruithe nó athruithe molta agus leasuithe brostaithe ar phleananna den sórt sin, agus
  (iii) pleananna ceantair uirbeach, pleananna ceantair tosaíochta agus pleananna ceantair comhordaithe agus dréachtaí, leasuithe nó leasuithe molta ar phleananna den sórt sin;
- athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí spásúlachta agus eacnamaíocha réigiúnacha agus pleananna forbartha atá ann cheana féin chun comhsheasmhacht le Beartais agus Bearta Náisiúnta Pleanála nua nó leasaithe a chinntiú;
- i gcás ina dtugann an tAire ordú, dréacht-ordú a eisiúint agus a mholadh go ndéanfadh an tAire ordú a eisiúint;
- breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil arna hullmhú ag tionól réigiúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le straitéis spásúlachta agus eacnamaíoch réigiúnach a chur i bhfeidhm agus moltaí a dhéanamh don Aire i ndáil le straitéis den sórt sin;
- taighde a dhéanamh, lena n-áirítear taighde a iarrann an tAire, maidir lena bhfuil i gceist le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe;
- cláir oideachais agus oiliúna a dhéanamh, agus taighde agus cláir atá ceaptha cur le feasacht an phobail faoi chúrsaí pleanála;
- athbhreithnithe a dhéanamh ar fheidhmíocht an Choimisiúin agus na n-údarás pleanála maidir lena bhfeidhmeanna faoi seach agus na hathbhreithnithe sin a thuairisciú don Aire;
- meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar phleananna iompair straitéiseacha arna ndéanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir le halt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008;
- maoirseacht a dhéanamh ar mar a sholáthraíonn údaráis phleanála seirbhísí pleanála éifeachtacha don phobal.

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Rialaitheoir Pleanála agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir OPR ó lá go lá.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

**Freagrachtaí OPR**

Tá OPR freagrach as measúnú ar an réamhphleanáil i ngach údarás áitiúil agus tionól réigiúnach, cinntí criosaithe ina measc. Chomh maith leis sin, cinntíonn OPR go bhfuil na húdaráis phleanála ag feidhmiú ag na caighdeáin ionracais agus dea-chleachtais is airde, rud a thugann muinín don phobal go ndéantar cinntí tábhachtacha pleanála de réir beartas náisiúnta. Tá sé de chumhacht ag OPR athbhreithniú a dhéanamh ar an eagraíocht, ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála, nó an Coimisiún Pleanála.

Chomh maith leis sin, tá sé de chumhacht ag OPR comhairle a chur ar an Aire maidir le cé acu an dtagann nó nach dtagann plean a rinne údarás áitiúil salach ar an mbeartas pleanála náisiúnta agus moladh don Aire cinntí a dhéanamh sa chás go dtagann aon phlean salach ar an mbeartas náisiúnta. I dteannta leis sin, cuireann OPR taighde náisiúnta chun cinn chomh maith le cláir oideachais agus faisnéise don phobal chun ról agus leas na pleanála a thabhairt chun solais.

Le linn na Ráiteas Airgeadais seo a ullmhú, ceanglaítear ar OPR:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú, agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta iomchuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna Ráitis Airgeadais.

Tá OPR freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 565 den Acht. Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin OPR.

Tá OPR freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht OPR trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil. Tá OPR freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh dá réir sin d'fhonn cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath. Measann an Rialaitheoir Pleanála go dtugtar léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais OPR amhail an 31 Nollaig 2025 i Ráitis Airgeadais OPR .

Éilíonn Alt 569 den Acht go mbainfidh OPR úsáid as Cód Iompair chun aghaidh a thabhairt ar choimhlintí leasa agus chun muinín an phobail a chur chun cinn i sláine iompair a gnó. Tá an Cód Iompair a úsáideann OPR ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Ailíníonn forálacha an Chóid Iompair le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú freisin.

**Struchtúr an Rialaitheora**

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tUasal Niall Cussen i mí Aibreáin 2019, mar an Rialaitheoir Pleanála agus mar Phríomhfheidhmeannach OPR. Mhol an Rialtas go gceapfaí an tUasal Cussen i ndiaidh próiseas earcaíochta oscailte arna stiúradh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ceapadh an tUasal Cussen chun fónamh ar an dara téarma as a chéile mar Rialaitheoir Pleanála agus mar Phríomhfheidhmeannach ar OPR i mí Aibreáin 2024.

Maoinítear OPR faoi fhotheideal D.5. de Vóta 34 de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

Bhunaigh OPR Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí in 2020. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí tacú leis an Rialaitheoir Pleanála i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le rialúcháin bhainteacha, rialachas corparáideach agus árachas bainteach. Tháinig Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí le chéile 4 huaire in 2025.

Is iad baill an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí:-

Comhaltaí Seachtracha:

Paula Nyland
Breda Coss
Karen Kehily (Ceaptha i mí an Mheithimh 2025)

Comhaltaí Feidhmiúcháin:
Joanna McBride, An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha,
Enda Torsney, Stiúrthóir Cúnta na Seirbhísí Corparáideacha

Áine Ryan – Rúnaí an Choiste

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas**

Níor íocadh aon táille le comhaltaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí le linn na tréimhse 2025. I measc na gcostas a thabhaigh agus a d'éiligh comhaltaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí le linn na bliana bhí taisteal agus cothú arbh fhiú €Nialas iad (2024: €Nil). Is é seo sceideal na gcruinnithe a reáchtáil an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i gcaitheamh na bliana 2025.

| **Tinreamh** | **Dátaí na gCruinnithe** | | | | **Costais** |
|---|---|---|---|---|---|
| | 12-Fea-25 | 25-Meith-25 | 14-D.F.-25 | 16-Noll-25 | |
| Paula Nyland | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | - |
| Breda Coss | ✓ | X | ✓ | ✓ | - |
| Joanna McBride | X | ✓ | ✓ | ✓ | - |
| Enda Torsney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | - |
| Karen Kehily | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | - |

**Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha**
Ní raibh aon athruithe pearsanra ríthábhachtacha ann le linn na bliana 2025.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

**Nochtaí a cheanglaíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach as a chinntiú gur chomhlíon OPR ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

**Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe**

| **Raon na sochar iomlán d'fhostaithe** | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| **Ó Chuig** | **2025** | **2024** |
| €60,000 - €69,999 | 9 | 3 |
| €70,000 - €79,999 | 2 | 7 |
| €80,000 - €89,999 | 8 | 2 |
| €90,000 - €99,999 | 4 | 3 |
| €100,000 - €109,999 | 3 | 1 |
| €110,000 - €119,999 | 1 | 2 |
| €120,000 - €129,999 | 2 | - |
| €130,000 - €139,999 | - | 1 |
| €140,000 - €149,999 | - | - |
| €150,000 - €159,999 | 1 | - |
| €160,000 - €169,999 | - | - |
| €170,000 - €179,999 | - | 1 |
| €180,000 - €189,999 | 1 | - |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra iontu.

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' a bhíonn seachfhoinsithe.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Seirbhísí Dlí | 92,937 | 65,225 |
| Seirbhísí Pleanála Gairmiúla (taighde, oiliúint, feasacht an phobail) | 125,112 | 12,020 |
| Tacaíocht chumarsáide | 9,344 | - |
| Athbhreithniú ar an suíomh gréasáin | 6,119 | - |
| Seirbhísí AD, sláinte agus sábháilteachta, agus seirbhísí soláthair | 13,310 | 2,340 |
| Costais sainchomhairleoireachta iomlána | **246,822** | **79,585** |
| | | |
| Costais chomhairleachta chaipitlithe | - | - |
| Costais chomhairleachta a mhuirearaítear faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 246,822 | 79,585 |
| Iomlán | **246,822** | **79,585** |

**Costais Dlí agus Réitigh**

Léirítear miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí sa tábla thíos. Tá na costais sin comhdhéanta de chostais dlí OPR féin, le haghaidh ionadaíocht ó aturnaetha agus abhcóidí i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus íocaíochtaí costas dliteanas don 'taobh eile' sna cásanna sin, nuair a bhí dliteanais den sórt sin ann mar thoradh ar an bpróiseas Cúirte. Ní chuimsítear caiteachas leis seo a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fhaigheann OPR, a nochtar sna costais Chomhairleachta in uachtar.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla | 669,014 | 437,202 |
| Iomlán | **669,014** | **437,202** |

**Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil**

Cuirtear caiteachas ar thaisteal agus cothú i gcatagóirí mar seo a leanas:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Comhaltaí Coiste | - | - |
| - Fostaithe | 35,843 | 8,290 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Comhaltaí Coiste | - | - |
| - Fostaithe | - | 169 |
| Iomlán | **35,843** | **8,459** |

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

### Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 2,718 | 3,092 |
| Iomlán | **2,718** | **3,092** |

Níor tabhaíodh aon chaiteachas a bhain le fáilteachas cliant in 2025 (2024: €Nil).

### An Ráiteas Comhlíonta

De réir an Chomhaontaithe Formhaoirseachta idir OPR agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chomhlíon OPR ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, cé is moite de na rudaí seo a leanas:

- Soláthairtí maidir le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról na gcomhaltaí Boird: Is corparáid aonair an struchtúr maoirseachta atá ag OPR. Tugann an Rialaitheoir Pleanála, agus tacaíocht aige ón gceathrar Stiúrthóirí, faoin ról coiteann a bhíonn ag Bord. Mar sin, mar aon lena dhualgais mar Bhord a chur i gcrích, comhlíonann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin chomh maith.



Niall Cussen
An Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 11 Márta 2026

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

**Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar Phríomhfheidhmeannach, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcothaítear agus go n-oibríonn OPR córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Baintear úsáid as an bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs m'oibleagáidí eile mar Cheann na hOifige. I dteannta leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha a chaomhnú agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

**Seirbhísí Roinnte**

Ar bhunú OPR i mí Aibreáin 2019, cuireadh socrú i bhfeidhm ina ndearna an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta próiseáil idirbhirt an phárolla d'fhoireann OPR tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Tá deireadh tagtha leis an socrú sin anois agus bunaíodh feidhm phárolla intí i mí Eanáir 2025.

**Timpeallacht Rialaithe Airgeadais**

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh leasaitheach cuí a chinntiú.
- Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Neartaíodh comhaltas an Choiste ionas gur comhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad formhór na gcomhaltaí.
- Rinneadh taifeadadh ar nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Deimhním go bhfuil creat na nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Cuimsítear na gnéithe seo a leanas leis seo:

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú leanúnach air.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais in iúl i gcoinne réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh de OPR.
- Tá córais ann a bhfuil sé mar sprioc acu slándáil na gcóras TFC a dheimhniú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla cuí ann chomh maith le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.
- Cinntíonn OPR go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gcúrsaí ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta**

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí tosaithe ag OPR le pearsanra a bhfuil oiliúint chuí orthu a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa agus ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí. Cuireann anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil OPR soghonta dóibh bonn eolais faoina cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa agus ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí, tá siad bunaithe ar an anailís seo. Beidh sé d'aidhm go gcuimseodh na pleananna seo príomhrialuithe ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag OPR a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus a mhéid is indéanta, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair OPR agus sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí a choinneáil ag leibhéal sásúil.

Mionsonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht i ndáil le hoibriú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe, agus cuirtear iad sin in iúl don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, do lucht pearsanra bainistíochta eile agus dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go ndearnadh rioscaí ríthábhachtach agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe ríthábhachta seo agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh.

**Soláthar**

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag OPR lena chinntiú go gcomhlíontar treoracha AE maidir le soláthar agus rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag OPR chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú OPR ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, FARC a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus na hardbhainistíochta laistigh de OPR atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna OPR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025. Rinne FARC athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach chun a chinntiú go léiríonn sé go cuí an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá OPR réasúnta cinnte go bhfuil an córas Rialaithe Inmheánaigh arna fhorbairt agus arna chur chun feidhme don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025 éifeachtach.

**OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA**

**AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH**

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais**

Níor sainaithníodh aon laigí i rialuithe inmheánacha i ndáil le 2025 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



Niall Cussen
An Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 11 Márta 2026

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Oifig an Rialaitheora Pleanála

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 565 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. Cuimsítear an méid seo a leanas leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas a staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2025 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta faoi mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Oifig an Rialaitheora Pleanála agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir Oifig an Rialaitheora Pleanála faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Ina measc sin tá an ráiteas rialachais agus tuarascáil an Rialaitheora Pleanála, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam chuige sin.

**John Crean**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**11 Márta 2026**

# OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

# TEASTAS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Oifig an Rialaitheora Pleanála agus an Rialaitheora Pleanála

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil an rialaitheora pleanála freagrachtaí na hOifige agus an Rialaitheora Pleanála. Tá an Oifig freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 565 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach as

- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an úsáid a bhaintear as an mbunús gnóthais leantaigh iomchuí, agus
- rialú inmheánach de réir mar a chinneann sé atá riachtanach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus iad glan ar mhíráiteas ábhartha, cibé i ngeall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm faoi alt 565 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála agus iad sin a thuairisciú do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile glan ar mhíráiteas ábhartha i ngeall ar chalaois nó ar earráid. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach a thabhairt, ach ní ráthaíonn sé go n-aimseofar míráiteas ábhartha in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go n-imreoidís tionchar, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomláin, ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, glacaim breithiúnas gairmiúil agus bím amhrasach go proifisiúnta ar feadh an iniúchta go léir. Agus mé á dhéanamh sin,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé i ngeall ar chalaois nó ar earráid; dearaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a eascraíonn as calaois ná an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh ar mhaithe le nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí sna himthosca, agus ní ar mhaithe le tuairim a nochtadh faoi éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Tugaim breithiúnas ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta atá in úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid maidir lena oiriúnaí agus a bhí úsáid as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cinnimid cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Oifig an Rialaitheora Pleanála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, iarrtar orm aird a bheith agam i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor nochtadh den sórt sin, iarrtar orm mo thuairim a athrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise ón iniúchadh a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh Oifig an Rialaitheora Pleanála scor de bheith ina gnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar leagan amach agus ar ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus measaim cé acu a chuireann nó nach gcuireann na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí is bun leo in iúl ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Labhraím leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta, i measc nithe eile agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, trí eisceacht, má tharlaíonn sé, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis iomlán agus na mínithe iomlána atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh ceart scafánta a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin i mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais, agus ní léirím aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leo.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, á dhéanamh sin, breithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i rith an iniúchta, nó má tá an chuma air go ndearnadh míráiteas ábhartha ar aon slí eile. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile sin, iarrtar orm tuairisc a thabhairt air sin.

### Ag tuairisciú ar nithe eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Tugaim tuairisc sa chás go bhfaighim amach go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ina stiúradh gnó poiblí.

Teastaíonn uaim fianaise a fháil ar rialtacht idirbheartaíochtaí airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí ag obair chun na críocha dár beartaíodh é nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA


## AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | 5,960,936 | 4,617,930 |
| Ioncam Eile | 3 | 6,701 | 10,955 |
| Ioncam Iomlán | | 5,967,637 | 4,628,885 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 4 | 3,874,040 | 3,172,723 |
| Cothú agus Forchostais | 5 | 389,679 | 382,878 |
| Costais Ghinearálta | 6 | 546,947 | 332,375 |
| Costais na Seirbhísí | 7 | 803,445 | 541,088 |
| Dímheas | 8 | 57,036 | 52,025 |
| Caiteachas Iomlán | | 5,671,147 | 4,481,089 |
| | | | |
| **Barrachas don tréimhse roimh leithreasuithe** | | **296,490** | **147,796** |
| | | | |
| Aistrithe ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | | 31,030 | 3,475 |
| | | | |
| **Barrachas don tréimhse tar éis leithreasuithe** | | **327,520** | **151,271** |
| | | | |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir | | 264,742 | 113,471 |
| | | | |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig** | | **592,262** | **264,742** |

Baineann an t-ioncam agus caiteachas don tréimhse ar fad le gníomhaíochtaí leantacha ar dháta an tuairiscithe.

Cuimsítear gnóthachain agus caillteanais aitheanta sa tréimhse leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 19.



Niall Cussen
An Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 11 Márta 2026

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **<u>Sócmhainní Neamhreatha</u>** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 202,093 | 233,123 |
| **<u>Sócmhainní Reatha</u>** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 9 | 266,525 | 192,911 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 10 | 1,090,766 | 534,959 |
| Sócmhainní Reatha Iomlána | | 1,357,291 | 727,870 |
| **<u>Dliteanais Reatha (Suim a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)</u>** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 11 | 325,029 | 273,128 |
| Glansócmhainní Reatha | | 1,032,262 | 454,742 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **1,234,355** | **687,865** |
| Soláthar do Dhliteanais | 12 | 440,000 | 190,000 |
| **Glansócmhainní** | | **794,355** | **497,865** |
| **<u>Arb ionann iad agus</u>** | | | |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | 592,262 | 264,742 |
| Cuntas Caipitil | 13 | 202,093 | 233,123 |
| | | **794,355** | **497,865** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 19.



Niall Cussen
An Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 11 Márta 2026

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## AN RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (easnamh) don tréimhse | | 327,520 | 151,271 |
| Aistriú chuig/ón gCuntas Caipitil | | (31,030) | (3,475) |
| Muirear Dímheasa | 8 | 57,036 | 52,025 |
| (Méadú) i bhFáltais Infhaighte | 9 | (73,614) | (38,253) |
| (Laghdú) / Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 11 | 301,901 | 246,135 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **581,813** | **407,703** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | 8 | (27,076) | (52,570) |
| Diúscairt Sócmhainní | 8 | 1,070 | 4,020 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(26,006)** | **(48,550)** |
| **Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **555,807** | **359,153** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na tréimhse | 10 | 534,959 | 175,806 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse | | **1,090,766** | **534,959** |

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

### 1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na mórbheartais chuntasaíochta a ghlac OPR. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar feadh na tréimhse.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Oibríonn OPR faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, le ceannoifig ar an gCeathrú hUrlár, Teach na Páirce, Gráinseach Ghormáin, 191-193A, An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Leagtar amach príomhfheidhmeanna reachtúla OPR sa Ráiteas Rialachais thuas.

#### b) An Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais OPR don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir na reachtaíochta is infheidhme agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a eisíonn an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

#### c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, seachas mar a léirítear sna Deontais Oireachtais in íochtar. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil OPR é.

Is don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 iad na Ráitis Airgeadais a ullmhaíodh.

#### d) Deontais Oireachtais

Aithnítear an t-ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé maoiniú a chuirtear ar fáil do OPR trí Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

#### e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir méid cothrom, ag na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach, le linn na saolréanna úsáideacha ionchais: -

| | |
|---|---|
| Troscán agus Feistis | 10% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Trealamh TF | 20% |

Déantar luach iarmharach agus na saolréanna úsáideacha a mheas go bliantúil le haghaidh táscairí go bhféadfaidís a bheith athraithe. Sa chás go bhfuil táscairí dá leithéid ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar shaolréanna úsáideacha, agus déanfar iad sin a leasú más gá. Cuirfear na hathruithe ar na rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo san áireamh go hionchasach le linn shaolréanna úsáideacha na sócmhainní.

**f) Cuntas Caipitil**
Léirítear sa Chuntas Caipitil an luach gan amúchadh den mhaoiniú a chuireadh ar fáil chun na sócmhainní seasta a cheannach.

**g) Airgead agus Coibhéisí Airgid**
Cuimsítear airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh le hairgead.

**h) Airgeadraí Eachtracha**
Déantar airgeadra atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe nó ag rátaí conartha ceannaithe chun tosaigh ina bhfuil conarthaí dá leithéid.

**i) Párolla**
Ar bhunú OPR i mí Aibreáin 2019, cuireadh socrú i bhfeidhm ina ndearna an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta próiseáil idirbhirt an phárolla d'fhoireann OPR tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Aistríodh an fheidhm seo go dtí OPR i mí Eanáir 2025 agus déantar í a bhainistiú go hinmheánach.

**j) Sochair Scoir**
Ós rud é gur státseirbhísigh iad baill foirne na hOifige, dá bhforáiltear le hAlt 558(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, comhlíonfar a sochair scoir le Vóta 12 agus dá réir sin ní dhéantar aon fhoráil do shochair scoir a tuilleadh sa bhliain, ná don dliteanas fabhraithe ag deireadh na bliana, sna ráitis airgeadais seo.

Oibríonn OPR an Scéim Roimh/Tar Éis '95 do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Oibríonn OPR Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) freisin, scéim pinsin le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin fostaí Roimh/Tar Éis '95 agus ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar bhonn míosúil i gcomhréir le forálacha na scéimeanna.

Déantar Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC) ó bhaill na Scéime Roimh/Tar Éis '95 agus ó bhaill na Scéime Aonair a chur ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tugtar chun cuntais iad mar leithreasuithe i gcabhair do Vóta 34.

**k) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim in imeacht thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom in imeacht thréimhse an léasa.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

**I) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an ráitis ar staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i gcaitheamh na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht ba shuntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Soláthairtí:** Déanann an bhainistíocht soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith gan chomhlíonadh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

**Bearnúchán réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:** Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta a athbhreithniú i leith bearnúcháin i gcás ina léiríonn teagmhais nó athruithe i gcúinsí nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas bearnúcháin de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim inghnóthaithe na sócmhainne,
fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim inghnóthaithe. Is í an tsuim inghnóthaithe an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne.

**Díluacháil agus Luachanna Iarmharacha:** Rinne OPR athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **2. Deontais Oireachtais** | | |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | **5,960,936** | **4,617,930** |

Maoinítear OPR ó Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, trí fhotheideal D.5. Cumhdaítear caiteachas (oibriúcháin) reatha OPR leis an maoiniú sin. Ní bhfuair OPR maoiniú i ndáil le tionscadail chaipitil.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **3. Ioncam Eile** | **€** | **€** |
| Ús bainc faighte | 6,701 | 10,955 |
| | **6,701** | **10,955** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **4. Costais Foirne** | **€** | **€** |
| Pá agus Tuarastail | 3,428,818 | 2,795,380 |
| ÁSPC | 354,316 | 282,967 |
| Pá Saoire Fabhraithe | 17,000 | 22,000 |
| Costais Foirne | 168 | - |
| Costais earcaíochta | 3,450 | 20,610 |
| Costais Ghníomhaireachta | 70,288 | 51,766 |
| **Costas Iomlán na Foirne** | **3,874,040** | **3,172,723** |

Asbhaineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC), ranníocaíochtaí na Scéime Roimh/Tar Éis ‘95 agus ranníocaíochtaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) i gcomhréir le ceanglais reachtúla. Rinne OPR €122,670 in ASC a asbhaint in 2025 agus d’íoc leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Rinne OPR €97,589 in SPSPS agus €65,798 i Roimh/Tar Éis ‘95 in 2025 agus d’íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Roimh an 3 Eanáir 2025, bhainistigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta párolla/asbhaintí thar ceann OPR.

**a) Líon na bhFostaithe**

Ba é 45 líon na mball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag deireadh na bliana (2024: 46). Ba é 45 meánlíon na mball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag deireadh na bliana (2024: 40).

**b) Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe**

Nochtar an briseadh síos ar shochair fostaithe faoi “Shochair Gearrthéarmacha d’Fhostaithe” sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialaitheora Pleanála.

**c) Sochair Dhífhostaithe**

Níor íocadh aon sochar dífhostaithe le linn na tréimhse.

**d) Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Is mar seo a leanas atá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2025, a ceapadh ar an 3 Aibreán 2019:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| An tUasal Niall Cussen, POF | 186,794 | 174,515 |

Ní bhfuair an POF aon íocaíocht a bhain le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse. Agus ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an POF na gnáth-theidlíochtaí a leagtar síos san earnáil phoiblí shamplach atá sainmhínithe mar scéim sochair shainithe na hearnála poiblí.

## OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **5. Cothú agus Forchostais** | **€** | **€** |
| Cíos agus Costais Seirbhíse | 327,563 | 322,929 |
| Teileafón agus Leictreachas | 7,348 | 6,471 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 28,862 | 27,044 |
| Árachas Áitribh | 25,906 | 26,434 |
| | **389,679** | **382,878** |

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| **6. Costais Ghinearálta** | | **€** | **€** |
| Taisteal agus Cothú | **6,1** | 35,843 | 8,459 |
| Costais TF | **6,2** | 134,002 | 115,091 |
| Priontáil, Post agus Páipéarachas | | 6,138 | 10,672 |
| Costais Chomhdhála agus Seimineáir. | | 7,156 | 4,820 |
| Cumarsáid | | 48,545 | 52,989 |
| Foghlaim agus Forbairt na mBall Foirne | | 48,284 | 44,529 |
| Taighde, Oideachas agus Feasacht an Phobail | **6,3** | 240,236 | 72,482 |
| Ceangal le Gréasán an Rialtais | | 9,225 | - |
| Costais Oifige Eile | | 16,448 | 19,313 |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | | 1,070 | 4,020 |
| | | **546,947** | **332,375** |

**6.1** Tháinig méadú ar Thaisteal & Cothú ós rud é gur soláthraíodh níos mó clár oiliúna Údarás Áitiúil mar thoradh ar achtú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

**6.2** Baineann méadú ar Speansas TF le costais bogearraí níos airde mar thoradh ar cheanglais bhreise a bhaineann le leathnú fheidhmeanna reachtúla OPRanna mar a leagtar amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

**6.3** Tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí taighde reachtúla in 2025 ós rud é gur cuireadh tús le tionscadail taighde a bhí curtha ar fionraí roimhe sin in 2025 mar thoradh ar achtú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| **7. Costais Seirbhíse** | | **€** | **€** |
| Dlíthiúil | **7,1** | 696,253 | 481,634 |
| Conarthaí Seirbhísí | **7,2** | 33,419 | 3,640 |
| Cuntasaíocht | | 2,657 | 1,993 |
| Párolla & Pinsin | **7,3** | 22,594 | 13,707 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | | 29,522 | 22,214 |
| Iniúchóireacht Sheachtrach | | 19,000 | 17,900 |
| | | **803,445** | **541,088** |

**7.1** Tháinig méadú ar Chostais Dlí ós rud é gur éisteadh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in 2025 agus mar gheall ar orduithe costais bainteacha.

**7.2** Tháinig méadú ar chaiteachas ar Chonarthaí Seirbhísí in 2025 ós rud é gur theastaigh níos mó comhairle maidir le Soláthar, Acmhainní Daonna agus Cumarsáid.

**7.3** Baineann an méadú ar chaiteachas Párolla agus Pinsean leis na feidhmeanna Acmhainní Daonna agus Párolla a cuireadh ar bhonn inmheánach ó mhí Eanáir 2025.

**8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

| | *Troscán agus Feistis* | *Trealamh Oifige* | *Trealamh TF* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|
| | | | | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 183,567 | 58,815 | 145,506 | **387,888** |
| Breiseanna don tréimhse | - | 1,627 | 25,449 | **27,076** |
| Diúscairtí | - | - | (5,809) | **(5,809)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 183,567 | 60,442 | 165,146 | **409,155** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 59,641 | 39,199 | 55,925 | **154,765** |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 18,357 | 10,109 | 28,570 | **57,036** |
| Diúscairtí | - | - | (4,739) | **(4,739)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 77,998 | 49,308 | 79,756 | **207,062** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **105,569** | **11,134** | **85,390** | **202,093** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **123,926** | **19,616** | **89,581** | **233,123** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

### 9. Suimeanna Infhaighte

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 255,703 | 190,018 |
| Féichiúnaithe Eile | 10,822 | - |
| Cárta Creidmheasa | - | 2,893 |
| | **266,525** | **192,911** |

Tá gach suim infhaighte dlite laistigh de bhliain amháin.

### 10. Airgead agus coibhéisí airgid

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead tirim sa Bhanc | 1,090,720 | 534,898 |
| Mionairgead | 46 | 61 |
| | **1,090,766** | **534,959** |

### 11. Suimeanna Iníoctha

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna atá le híoc laistigh de bhliain amháin: | | |
| Creidiúnaithe agus fabhraithe | 65,221 | 249,194 |
| Cárta Creidmheasa | 2,530 | - |
| Creidiúnaithe a bhain le Párolla | 209,508 | - |
| Seirbhísí Proifisiúnta ag Siarchoinneáil Cánach | 38,185 | 13,313 |
| Cáin Bhreisluacha | 9,585 | 10,621 |
| | **325,029** | **273,128** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| 12. Soláthar do Dhliteanais | Nóta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| Costais Dlí | | | |
| Méid ag tús na bliana | **12,1** | 190,000 | 175,000 |
| Soláthar a rinneadh le linn na bliana | **12,1** | 250,000 | 15,000 |
| Méid a gearradh ar an soláthar | | - | - |
| Méid ag deireadh na bliana | | **440,000** | **190,000** |

**13.1** Bhí OPR ina fhógra-pháirtí sna imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh seo a leanas in aghaidh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus rinneadh soláthar costais ina leith i gcomhairle le comhairleoirí dlí OPR, mar an meastachán is fearr ar na costais, agus is dócha go ndáilfear ar OPR iad mar fhógra-pháirtí sna himeachtaí.
- Athbhreithniú Breithiúnach amháin a tugadh chun críche in 2022.
- Dhá Athbhreithniú Bhreithiúnacha a tugadh chun críche in 2025.

Le linn 2024, tionscnaíodh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin Phleanála agus OPR. Rinneadh ordú um chostais dhíobhálacha in 2024, agus tá soláthar déanta ina leith.

Ag deireadh na bliana 2025, tá OPR fós ag fanacht le fógra a fháil faoi na costais iarbhír le haghaidh íocaíochta a bhaineann leis na rialuithe thuas.

| 13. Cuntas Caipitil | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Amhail an 01 Eanáir | 233,123 | 236,598 |
| Aistriú ó / (chuig) an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | |
| Maoiniú na Sócmhainní Seasta | 27,076 | 52,570 |
| An méid a scaoileadh ar dhiúscairt na sócmhainní seasta | (1,070) | (4,020) |
| Amúchadh i gcomhréir le beartas dímheasa sócmhainne | (57,036) | (52,025 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **202,093** | **233,123** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

### 14. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ar OPR i leith léasa ar chóiríocht oifige ar an 4ú hUrlár (sciathán thiar agus thuaidh), Teach na Páirce, 191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Coinnítear é seo mar léas, atá i bhfeidhm go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2030. In 2023, leathnaigh OPR raon feidhme an léasa chun an sciathán thuaidh a chuimsiú in éineacht leis an sciathán thiar i ngeall ar líon méadaithe foirne. Is é an cíos bliantúil don sciathán thiar agus thuaidh in 2025 ná €220,631 gan CBL san áireamh.

**Ceangaltais Léasa**
Ar an 31 Nollaig 2025, bhí na híocaíochtaí léasa íosta todhchaí seo a leanas ag OPR faoi léasanna neamh-inchealaithe:

| | Amhail an 31 Nollaig 2025 € | Amhail an 31 Nollaig 2024 € |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 220,631 | 220,631 |
| Iníoctha laistigh de 2 – 5 bliana | 827,366 | 882,524 |
| Iníoctha tar éis 5 bliana | - | 165,473 |
| | **1,047,997** | **1,268,628** |

### 15. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon ghealltanas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2025.

### 16. Íocaíochtaí Prasa 2025

Ceanglaítear ar OPR ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chomhlíonadh. Is é 30 lá ón dáta a fhaightear sonrasc téarmaí caighdeánacha creidmheasa OPR, ach amháin má shonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm a thugann dearbhú réasúnach maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha leis an Acht/na Rialacháin. Cé go bhfuil na nósanna imeachta in ainm a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht/na Rialacháin, ní féidir leo ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt, maidir le neamhchomhlíonadh le hAcht 1997 agus le Rialacháin 2012.

Taispeántar le hathbhreithniú ar na híocaíochtaí uile a rinneadh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 3 íocaíocht dar luach iomlán €64,255, as a lean ús agus pionóis €165 (2024: €19) faoi na rialacháin thuas. Léirítear cleachtais íocaíochta do 2025 sa tábla thíos.

| Mionsonraí | Líon | Luach (€) | Céatadán (%) den líon iomlán íocaíochtaí a rinneadh |
|---|---|---|---|
| An líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá | 437 | 1,224,973 | 67 |
| An líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16-30 lá | 214 | 449,141 | 33 |
| An líon íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá a bhí faoi réir ag ús as íoc déanach | 3 | 64,255 | 0 |
| **Iomlán** | **654** | **1,758,369** | **100** |

## 17. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara / Nochtadh Leasanna

Cloíonn OPR leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i leith nochtadh leasanna ag an Rialaitheoir Pleanála agus comhaltaí/baill foirne OPR. Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm chun comhlíonadh cheanglais an Chóid a chinntiú. Ní dhearnadh aon idirbhearta páirtí gaolmhara a thuairisciú in 2025.

Cuimsítear le Pearsanra Bainistíochta Ríthábhachtach OPR, an Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála, an Leas-Rialaitheoir Pleanála agus an Stiúrthóir ar Mheastóireachtaí Pleananna, an Stiúrthóir Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála agus Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail. Ba é €706,044 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta in 2025, i dtaca leis an bPríomhfheidhmeannach agus ceathrar Stiúrthóirí (bhain an costas €640,334 in 2024 leis an bPríomhfheidhmeannach agus ceathrar Stiúrthóirí).

## 18. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

Ní raibh aon imeachtaí ann idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a dteastaíonn uathu go ndéanfar athrú ar na ráitis airgeadais.

## 19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Príomhfheidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh agus a shíniú ar an 11 Márta 2026.